Ba mhaith liom mo bhuíochas a thabhairt leis an Chomhchoiste as ucht cuireadh bheith anseo inniu. Is mise Eoghan Mac Cormaic, uinéir www.cluiche.ie agus liomsa inniu tá comhleacaí oibre liom Áine Ní Éanaí, Riarthóir www.siopaudar.ie, siopa ar-line Ghlór na nGael. Is mise leasCheannasaí agus Bainisteoir for-rochtana le Glór na nGael ach le níos mó ná deich mbliana anuas bhí freagracht ar leith agam le Glór na nGael i bhforbairt earraí spraoi agus foghlama, idir leabhair agus cluichí le Glór na nGael. Le linn na tréimhse sin bhí mé ag forbairt earraí spraoi agus foghlama chomh maith faoi mo thionscnamh féin, cluiche.ie agus beidh Áine agus mé féin ag labhairt faoi chuid de na tairgí éagsúla sin agus pleananna do thairgí eile amach romhainn. Ar mhaith leis an cineál tairgíochta seo a rangú nó a mhíniú ba mhaith linn foilsitheoireacht neamh-chaighdeánach a chur air.

Thart faoi 13 mbliana ó shin thóg Glór na nGael cinneadh tabhairt faoi cheadúnas a fháil d'fhoilsiú an chluiche aitheanta Monopoly, trí Ghaeilge. Bhí plé leanúnach againn le húínéiri an cheadúnais agus sular éirigh linn conradh a aontú d'éirigh teagmháil a thosú leis an comhlacht ar leo an ceadúnas do Scrabble agus sa bhliain 2010 d'fhoilsigh muid Scrabble Junior, agus Scrabble Clasaiceach, as Gaeilge le cuidiú ó COGG. Dhá bhliain i ndiaidh sin le cuidiú Fhoras na Gaeilge d'fhoilsigh muid Monopoly as Gaeilge agus sé bliana níos déanaí d'fhoilsigh Glór na nGael Cluedo as Gaeilge, chomh maith le cluichí nua, agus cluichí ó fhorbróirí óga eile.

Idir 2012 go dtí 2020 d'fhorbair Glór na nGael ar a laghad tairge amháin nua gach bliain agus tá sprioc againn leanúint leis sin.

*Pleananna agus Spriocanna Foilseacháin nua amach anseo*

Is é an aidhm atá ag Siopa Údar ná táirgí Gaeilge a thabhairt isteach i ngnáthshaol an duine, ní amháin Gaeilgeoirí ach foghlaimeoirí agus daoine nach bhfuil Gaeilge acu. Déanann sé seo an Ghaeilge níos feicealaí sa saol.

Le cúpla mí anuas tá Siopa Údar ag obair lenár gcustaiméirí a aithint agus feictear dúinn go bhfuil muid ag freastal ar mhargadh an-leathan:

- táirgí oideachais do scoileanna
- ábhar d’fhoghlaimeoirí Gaeilge
- féiríní agus earraí tí do Ghaeilgeoirí mar shampla tuismitheoirí sa Ghaeltacht agus taobh amuigh den Ghaeltacht
- táirgí mórdhíol do shiopaí leabhair agus eile.

Tá gnó ag teacht ó scoileanna, ó shiopaí mórdhíol agus ó chustaiméírí aonair.

Mar sin tá muid an-leathan agus cuireann sin brú ollmhór ar chúrsaí foirne. Faoi láthair níl ach mé féin fostaithe le Siopa Údar.

Tá pleananna móra againn táirgí nua a fhorbairt ach tá brú ama foirne le dearadh, maoiniú a aimsiú, plé le déantúsóirí, margaíocht, seachadadh agus riarachán.

I measc na dtáirgí ba mhaith linn a fhorbairt tá:

- Táirgí réamhscoile do pháistí faoi aois 3 a bheidh dírithe ar naíonraí agus ar thuismitheoirí

- Leabhair nach leabhair léitheoireachta iad m.sh. Leabhair dathúcháin, dot to dot, puzail agus eile
- Comharthaí d'ócáidí speisialta ar nós Coineartú, Céad Chomaineach srl
- Bréagáin do na luathbhlianta ar nós Fisher Price
- Féiríní tú ar nós coinnle, pilliúr, cupáin srl

Sna cásanna sin, agus sna foilseacháin go dtí seo foilsíodh cluichí ar an chaighdeán is airde, curtha i gcló in Éirinn. Chomhlíon cluichí ar nós, Monopoly srl an sprioc a bhí againn, mar a dúirt Ceannasaí Glór na nGael agus é ag labhairt faoi fhoilsiú Scrabble san Irish Times i 2010:

"We have developed this game as part of our strategy of creating and supporting opportunities for people to use Irish in everyday settings.'

Is é an sprioc céanna, gan amhras, a bhí ag cluiche.ie nuair a thosaigh mé ag forbairt mo réimse féin de chluichí i 2014. Leis an cluicheCrannóg forbraíodh cluiche boird, 100% Éireannacha gus Gaelach, nach raibh aistrithe ó theanga eile agus a chothaigh comhá agus foghlaim in eineacht le chéile. Sa bhlian 2016 bronnadh Gradam Eorpach d'Úsáid Teangacha 'Léargas' ar Crannóg agus ar Spraoi le Brí, cluiche nua a bhí go hiomlán dírithe ar imreoirí - óga agus fásta - a chur ag caint, i mbealach spraoiúil, oscailte ach le foghlaim fh-thairseachúil ag a chroí.

Le linn 2020 nuair a athraíodh go leor leor nósanna agus gníomhaíochtaí ag tús an chéad dianghlasáil d'athchruthaigh foireann Ghlór na nGael a módhanna oibre beagnach thar oíche i Mí Márta 2020. Ar bhonn laethúil d'fhoilsigh an eagraíocht oideas, cluichí, gníomhaíochtaí nua gach maidin ar líne, áiseanna do ranganna ón bhaile, aiseanna do theaghlaigh, trath na gceisteanna agus aclaíocht agus corpoideachais, gach ní de trí Ghaeilge agus go hiomlán saor in aisce.

Chinn cluiche.ie sraith crosfhocail laethúla a chruthú agus foilsíodh iad ar www.crosfhocail.ie - ceithre puzal nua do pháistí, daoine óga, agus daoine fásta- don chéad sé mhí den dianghlasáil Covid. Sprioc a bhí ag cloí le foilseacháin fisiciúla roimhe sin ar ndóigh.

D*eiseanna agus Dúshláin*

1. Easpa foirne - tá pleananna móra againn ach gan an t-am gach rud a dhéanamh, gan trácht ar am a chaitheamh ar fhorbairt ghairmiúil.
2. Tá an margadh measartha beag, tá deiseanna ann dul i bhfeidhm ar mhargaí eile (Béarlóirí, turasóirí, thar lear, duine ar imirce) ach arís níl an fhoireann againn leis sin a dhéanamh. Bheadh scéim le tuilleadh foirne a earcú agus a threanáil chomh maith le infheistíocht a dhéanamh san fhoireann reatha de dhíth.
3. Tá deis ann tacú le gnónna beaga Gaeilge eile trí 'Amazon na Gaeilge' a dhéanamh as Siopa Údar, tacaíocht phraiticiúil a thabhairt dóibh m.sh. traenáil agus oiliúint, spásanna storála, seirbhísí seachadadh, rudaí a chuireann srian orthu forbairt mar

gheall ar chostas. Tá deiseanna ann tuilleadh fostaíochta a chruthú do Ghaeilgeoirí agus sa Ghaeltacht ar an dóigh seo.

Costais - de bhrí go bhfuil an margadh beag go leor, ní féidir na mílte cóip de na táirgí a ordú, rud a ardaíonn an costas don chustaiméir agus a chiallaíonn go bhfuil táirgí Gaeilge níos costasaí ná táirgí eile. Bheadh scéim mhaoinithe do tháirgí Gaeilge agus Gaeltachta (nach táirgí oideachais iad) ina chuidiú mór leis an fhadhb sin a réiteach.

Déanann muid an cás anseo go bhfuil réimse foilseacháin atá éagsúil ó ghnáth-fhoilseacháin a fhaigeann tacaíocht tríd Clár na Leabhar Gaeilge nó COGG. Mar a chuirtear an cheist ó am go chéile faoi saothar neamhghnáthach 'but is it art?" cuirtear an cheist céanna faoin saothar spraoi: an litríocht í? an ábhar oideachasúil é? Agus uaireanta ní ceachtar den dhá ghné é ach gur ábhar fhiúntas é in ainneoin na srianta 'litríochtnó oideachas'. Is réimse foilsitheoireachta é a phléann le taitneamh a thabhairt do dhaoine, a spreagann úsáid agus foghlaim agus líofacht na Gaeilge go neamhfhoirmeálta agus atá riachtanach do normálú na Gaeilge amach anseo.